The focus group felt that there is no proper support when the child is born. It was said that the creation of Irish language resources depends on the community, because the state is not providing those resources. They said that campaigning is an organic act to get the services in Irish. It was also said that no resources are available for children who have special needs. It was said that the lockdown affected the language acquisition of the children.

The Gaeltacht Community Focus Group

It was recommended that every service in Irish should be available for families. It was stated that the local authority should be doing more for the Irish language. It was said more workers with Irish should be employed such as language therapists, psychologists and nurses. It was said that there are no naíonraí close to many families and that the rules for setting up a nursery are complicated. The setting up of a nursery depends on numbers, rather than recognising the need for it. It was also said that training through Irish is not provided in some of the GAA clubs in the Gaeltacht.

7.3. RECOMMENDATIONS

- That the state does a financial analysis of the extra costs associated with raising children through Irish
- That state funding is provided to organise social events for young people
- That Irish medium education be a priority for the state
- That opportunities are created for families to meet through the medium of Irish.
- That the Scéim Labhairt na Gaeilge scheme be brought back
- That there be a prize for the family that makes the best effort to speak Irish
- That the price of Irish language books be reduced
- That there be a discount for holidaying in the Gaeltacht
- The setting up of an Oireachtas for families in the Gaeltacht
- The setting up of a helpline to give advice to families
- That public events that local authorities organise are bilingual
- That the state provides a discount for requesting Irish language services
- That a strategy for raising children through Irish be made available
- More support from the GAA for clubs in the Gaeltacht to provide services in Irish

8. Úsáid na Gaeilge i rith ré na paindéime

De bharr na ré ina bhfuilimid beartaíodh go mbeidh ceist curtha faoi thionchar na paindéime ar an nGaeilge. Dúirt 15% ó dheas agus 11% ó thuaidh gur úsáid siad an Ghaeilge ar líne, ar na meáin shóisialta, i rang Gaeilge nó i mbealaí eile i rith an dianghlásála.

7.1. TORTHAÍ AN tSUIRBHÉ



Figióir 7

8.2. TORTHAÍ NA bhFÓCAS-GHRÚPAÍ

Fócasghrúpa ionadaíoch ó dheas

Mhothaigh an fócasghrúpa gur bhraith siad níos cóngaraí don nádúr, mar gheall ar an bpaindéim, agus mar sin bhí nasc níos láidre ann leis an gcultúr Gaelach dá bharr agus bheadh an Ghaeilge bainteach leis sin. Dúradh freisin i rith na chéad dianghlásála go raibh siad ag breathnú ar TG4 níos minice de bharr go raibh go leor chlár de Laochra Gael agus clár eile cosúil leis á chraoladh. Dúradh go n-úsáidfeá Gaeilge níos minice dá mba rud é go raibh spreagadh tugtha. Dúradh nár chuala siad trácht ar aon imeachtaí Gaeilge agus go bhfuil gá go mbeidh níos mó poiblíochta déanta d'imeachtaí Gaeilge.

8.3. MOLTAÍ:

- Níos mó imeachtaí a eagrú ar líne chun an gnáthphobal a mhealladh i dtreo na Gaeilge
- Feachtas poiblíochta a chraobhscaoileadh ar an ngnáthphobal maidir le himeachtaí Gaeilge
- Go mbeidh teaghlach Gaeltachta ar Gogglebox

8. Using Irish during the period of the pandemic

Because of the times we are living in it was decided that the question of the effect of the pandemic on the Irish language should be asked. 15% in the south and 11% in the north said that they used the Irish language more on line, on social media, in an Irish language class or in other ways during the lockdown.

7.1. THE RESULTS OF THE SURVEY




Figure 7

8.2. THE RESULTS OF THE FOCUS GROUPS

Representative focus group in the south

The focus group thought they felt closer to nature, because of the pandemic, and therefore they had a stronger connection with the Irish culture as a result and the Irish language is connected to that. It was also said during the first lockdown that TG4 was watched more often because there were plenty of programmes of 'Laochra Gael' and other such programmes being broadcast. It was said that Irish would be spoken more often if encouragement was given. It was also said that the hadn't heard of any Irish language events and that, therefore, more publicity needs to be done for Irish language events.


8.3. RECOMMENDATIONS:

- To organise more events online to attract ordinary people to the Irish language
- To propagate a publicity campaign among the community about Irish language events
- That a family from the Gaeltacht be on Gogglebox

9. Teagmháil leis an nGaeilge

Seo ceist atá tábhachtach ar bhonn sochtheangeolaíochta, sé sin cén teagmháil a bhíonn ag an ngnáthdhuine leis an nGaeilge. Dúirt 46% de na freagróirí ó dheas go raibh teagmháil rialta acu leis an nGaeilge agus 17% ó thuaidh. Cuireadh ceist ansin ar cén saghas teagmháil rialta a bhí ag an 46% agus 17% sin. Tugadh liosta de na teagmhálacha éagsúla ar nós na meáin traidisiúnta, sa bhaile, sa phobal, ar scoil, sa láthair oibre, na meáin shóisialta, spórt, imeachtaí cultúrtha, cúrsaí Gaeilge, síntiúis ar líne, nó teagmháil eile. Is speisiúil comparáid a dhéanamh ar na teagmhálacha sin idir na freagraí thuaidh agus theas. Tá na meáin thraidisiúnta mar an teagmháil is mó ó dheas, 16% agus sa bhaile an teagmháil is mó ó thuaidh ag 5%. Tá teagmháil sa láthair oibre 9% ó dheas agus 1% ó thuaidh rud a léiríonn go bhfuil níos mó Gaeilge i ngairmeacha ó dheas. Dúirt 9% ó dheas go raibh teagmháil acu leis an nGaeilge ar scoil agus 3% ó thuaidh, ag léiriú go bhfuil an Ghaeilge mar chroí-ábhar ag déanamh an teagmháil níos minice do sciar maith den phobal ó dheas. Tá 53% ó dheas agus 82% ó thuaidh nach mbíonn teagmháil rialta acu leis an nGaeilge, an cheist atá ann anois ná conas gur féidir teagmháil rialta leis an nGaeilge a chruthú do na daoine sin sa toadhcháif.

9.1. TORTHAÍ AN tSUIRBHÉ



Figióir 8

9.2. TORTHAÍ NA bhFÓCAS-GHRÚPAÍ

Fócasghrúpa ionadaíoch ó dheas

Pléadh an bealach a mbíonn an teagmháil ann sna scoileanna go bhfuil gá é a athrú ionas go mbainfidh na daltaí líofacht amach. Luadh go mbeidh an Ghaeilge á mhúineadh i mbealach idirghníomhach agus go mbeidh níos mó ábhair á mhúineadh trí Ghaeilge sa scoil. Luadh

9. Contact with Irish

What contact an ordinary person has with the Irish language is an important question on a socio-linguistic basis. 46% of the responders in the south said that they had regular contact with the Irish language and 17% in the north. The question was then asked what sort of regular contact did the 46% and the 17% have. A list of the various contacts was given such as the traditional media, at home, in the community, at school, in the work place, social media, sports, cultural events, Irish language courses, subscriptions on line, or other contact. It is interesting to compare those contacts between the northern and southern answers. The traditional media is the greatest contact in the south at 16%. The greatest contact is in the home in the north at 5%. Contact in the workplace is 9% in the south and 1% in the north, which shows that more professions in the south use Irish. 9% in the south said that they had contact with Irish at school and 3% in the north, showing that Irish as a core subject leads to more contact for a good share of the public in the south. 53% in the south and 82% in the north do not have regular contact with Irish, the question is how we can create regular contact with Irish for those people in the future.

9.1. THE RESULTS OF THE SURVEY




Figure 8

9.2. THE RESULTS OF THE FOCUS GROUP

Representative focus group in the south

The way there is contact in schools was discussed and it was suggested that it needs to be changed so that children can become fluent. It was said Irish should be taught in an interactive way and that more subjects be taught in Irish at school. It was also stated that the Gaeltacht is

chomh maith go raibh an Ghaeltacht an-tábhachtach chun líofacht a bhaint amach. Dúradh go raibh eagla ag an bpobal Gaeilge a úsáid go poiblí, mar shampla in imeachtaí sóisialta mar go cceapfadh daoine go bhfuil siad ag caint fúthu.

Fócasghrúpa tuismitheoirí ó thuaidh

De réir an fhócasghrúpa go bhfuil mian ann níos mó ná riamh teagmháil a bheith ag an bpobal leis an nGaeilge. Dúradh gur trua é nach mbíonn Gaeilge á mhúineadh sna scoileanna i gcoitinne, ina measc scoileanna phobal aontachtaithe. Dúradh freisin go mbeidh sé go deas go mbeidh níos mó comharthaí as Gaeilge curtha in airde. Luadh go bhfuil baic ann chun níos mó comharthaí Gaeilge a chur suas. Dúradh go raibh an bealach is fearr le Gaeilge labhartha a fheabhsú ná trí fhreastal ar imeachtaí sóisialta ar nós na Pop Up Gaeltachtaí. Cheapadh go bhfuil gá an Ghaeilge a normalú taobh amuigh den scoil.

Fócasghrúpa tuismitheoirí ó dheas

Dúradh go raibh teagmháil ann leis an nGaeilge san obair. Dúradh freisin go mbíonn teagmháil ann leis an nGaeilge trí dheiseanna deonacha. Bhí sé ráite go mbíonn na himeachtaí teaghlaigh an príomhtheagmháil a bhíonn ag na páistí leis an nGaeilge, nach mbíonn mórán Gaeilge taobh amuigh de na himeachtaí sin. Luadh go raibh caighdeán éagsúil i nGaelscoileanna difriúla, agus go mbíonn go leor Béarla á labhairt i gcuid de na scoileanna sin. Dúradh go mbíonn imeachtaí éagsúla ar fáil trí Ghaeilge i mBÁC nach bhfuil ar fáil i gceantair eile timpeall na tíre, mar shampla na himeachtaí a eagraíonn Na Gaeil Óga. Dúradh go mbíonn teaghlaigh ag dul ar chuart go dtí an Ghaeltacht go rialta. Dúradh chomh maith go raibh go leor Gaeilge thart i gcathair na Gaillimhe. Dúradh i gcoitinne go mbíonn Gaeilge á úsáid go minic i gclubanna CLG.

Fócasghrúpa tuismitheoirí ó thuaidh

Dúradh go raibh Gaeilge á labhairt ag daoine áirithe thart ar 80% den am idir obair agus ag tógáil páistí le Gaeilge. Luadh go bhfuil go leor acmhainní Gaeilge ar fáil i mBéal Feirste, idir scoileanna, cultúrlann, raidió agus go leor rudaí eile.

9.3. MOLTAÍ:

- Ábhar sa bhreis á mhúineadh sa scoil ar nós corpoideachas chun teagmháil níos mó a bheith ag na daltaí leis an Ghaeilge
- An Ghaeilge i dtreoracha d'uirilís teicneolaíochta
- Gaeilge á úsáid ag preas ócáidí, m.sh. cinn spóirt
- Tionchairí na meáin sóisialta ag úsáid Ghaeilge níos minice
- Seó Bóthair a eagrú ag déanamh poiblíochta faoin nGaeilge ag imeachtaí spóirt ar nós cluichí gaelacha agus rugbaí
- Dúshlán ar nós an 'Ice Bucket challenge' a bheith ann don Ghaeilge
- Feachtas margáíochta ollmhargadh chun lascaíní a chur ar fáil do bheannachtaí Gaeilge a rá nó seirbhís Ghaeilge a iarraidh
- Feachtas chun an Ghaeilge a labhairt níos mó sna láithreacha oibre
- Seó ealaíona oideachasúil a chruthú le cúpla focal ionas go mbeidh teacht ag an bpobal i gcoitinne ar an nGaeilge
- Oibríthe i siopa ag úsáid beannachtaí Gaeilge chun atmaisféar a chruthú
- Gur féidir do ghnó a dhéanamh trí Ghaeilge sna siopaí

very important to achieve fluency. It was said that the public are afraid to use Irish publicly, for example at social events because people would think they are talking about them.

Parents' focus group in the north

According to the focus group there is a greater wish now than ever in the community to have contact with Irish. It was said that it is a pity that Irish is not being taught in schools in general, including schools of the unionist community. It was also said that it would be nice if more signs in Irish were erected, although it was said that there are obstacles to putting up more signs in Irish. It was said that the best way to improve spoken Irish was through attending social events such as Pop Up Gaeltachts. It was thought that Irish needs to be normalised outside school.

Parents focus group in the south

It was said there was contact with Irish at work. It was also said that there is contact with Irish through voluntary opportunities. It was stated that family events are the main contact that children have with Irish and that there is not much Irish outside those events. It was stated there are differing levels of Irish in different Irish language schools, and that a lot of English is spoken in some of those schools. It was said that there are various events available in Irish in Dublin that are not found in other areas around the country, for example the events organised by Na Gaeil Óga. It was said that families regularly visit the Gaeltacht. It was also said that there is a lot of Irish in Galway City. It was said in that Irish is often used in GAA clubs.

Parents group in the north

It was said that Irish was being spoken by certain people around 80% of the time between work and bringing children up with Irish. It was said that there are plenty of resources in Irish to be found in Belfast, between schools, cultural centres, a radio station and many other things.

9.3. RECOMMENDATIONS:

- That another subject be taught in school such as PE so that pupils have more contact with Irish
- Irish to be included in instructions for technology devices
- Using Irish at press conferences, for example, those related to sport
- The influence of social media using Irish more often
- To organise a roadshow publicising the Irish language at sports events such as Gaelic games and rugby
- A challenge such as the 'Ice Bucket challenge' in Irish
- A supermarket marketing campaign to provide discounts for those using Irish language greetings or asking for a service in Irish
- A campaign for speaking Irish more frequently in work places
- Creating an educational arts show with a few words so that the public in general have access to Irish
- Workers in shops using Irish language greetings to create an atmosphere
- That you can conduct your business in Irish in shops

10. Córas Pleanála Tithíochta sa Ghaeltacht & Coláistí Samhraidh

Tá sé feicthe le tamall anois go bhfuil sé deacair do mhuintir na Gaeltachta cead pleanála a fháil chun tithe a thógáil. Mar sin cuireadh an cheist ar chóir córas pleanála tithíochta faoi leith a fheidhmiú sa Ghaeltacht. Dúirt 58% go dtacóidh siad le córas mar sin a chur i bhfeidhm, ní raibh ach 17% ina aghaidh ag léiriú tacaíocht an phobail d'innharthanacht na Gaeltachta. Ní raibh na Coláistí Samhraidh ar siúl le dhá bhliain anuas de bharr phaindéim Covid-19. Mar gheall ar sin cuireadh ceist ar chóir pacáiste tacaíochta ar chur ar fáil do na Coláistí Samhraidh. Dúirt 67% go mbeidís i bhfabhar pacáiste tacaíochta dóibh.

7.1. TORTHAÍ AN tSUIRBHÉ



Figúir 9

10. Gaeltacht Housing Planning System & Summer Colleges

It has been difficult for the people in the Gaeltacht to get planning permission for building houses. Therefore the question was asked should there be a distinct planning permission system in operation in the Gaeltacht. 58% said they would support the operation of a system such as this, only 17% opposed. This shows a high level of support in the community for the sustainability of the Gaeltacht. There were no Summer Colleges in the last two years because of the Covid-19 pandemic. Because of this it was asked should a support package be provided for the Summer Colleges. 67% said they would be in favour of such a package.

7.1. THE RESULTS OF THE SURVEY



Figure 9



Figúir 10



Figure 10

10.2. TORTHAÍ NA bhFÓCAS-GHRÚPAÍ

Fócasghrúpa ionadaíoch ó dheas

Luadh go raibh na coláistí samhraidh beagáinín éilíteach de bharr an chostais. Aithnítear go bhfuil scoláireachtaí ar fáil ach ní mórán iad. Ní théann daoine óga ó gach cúlra aicme shocheacnamaíoch agus mar sin níl rochtain ar fáil ag gach duine óg ar na coláistí samhraidh. Ba chóir go mbeidh gach duine óg in ann freastal ann.

Fócasghrúpa Phobal na Gaeltachta

Dúradh go bhfuil na coláistí samhraidh an-tábhachtach. Cailliúint mór a bhí ann nuair a chuireadh na coláistí samhraidh ar cheal. Bheadh na mílte duine óg tar éis teacht chun na Gaeltachta. Dúradh freisin go bhfuil tionchar mór ag na coláistí samhraidh ar an ngeilleagar áitiúil. Go mbíonn na daoine óga Gaeltachta ag labhairt níos mó Gaeilge nuair a bhíonn na Coláistí Samhraidh ar siúl. Cruthaíonn sé deiseanna fostaíochta sa cheantar chomh maith.

10.3. MOLTAÍ:

- Deontas a chur ar fáil do gach duine óg atá ag iarraidh freastal ar Choláiste Samhraidh
- Deontas a chur ar fáil do champaí samhraidh do dhéagóirí ina cheantar áitiúil
- Imeacht tiomsú airgid a eagrú ar nós ceolchoirm chun deis a thabhairt do níos mó daoine óga freastal ann
- Coláistí samhraidh a bhunú sna cathracha móra
- Deontas ceart a thabhairt do na mná tí chun iad a choinneáil sa tionscadal
- Gach tacaíocht a thabhairt do na coláistí samhraidh

10.2. THE RESULTS OF THE FOCUS GROUPS

Representative focus group in the south

It was stated that the summer colleges were a little elitist because of the cost. It is recognised that there are scholarships available but not many. Young people from every socio-economic background do not go and therefore not every young person has access to the summer colleges. Young people should be able to attend them.

Gaeltacht Community Focus Group

It was said that the summer colleges are very important. It was a terrible loss when the summer colleges were cancelled. Thousands of young people would have usually come to the Gaeltacht. It was also said that the summer colleges have a great influence on the local economy. That the young people of the Gaeltacht speak more Irish when the summer colleges are on. It also creates opportunities for employment in the district.


10.3. RECOMMENDATIONS:

- To provide a grant for every young person who wants to attend a summer college
- To provide a grant for summer camps for teenagers in their local district
- To organise an event for raising money such as a concert to give more young people the opportunity to attend
- To set up summer colleges in the large cities
- To give a proper grant to the mná tí to keep them in the industry
- To give every support to the summer colleges

11. An Ghaeilge mar bhuntáiste agus post á lorg

Tá sé mar chuid de Bhille na dTeangacha Oifigiúla 2019 go mbeidh 20% d'oibrithe nua sa tseirbhís phoiblí ina gcainteoirí Gaeilge sa todhchaí, mar sin cuireadh an cheist an bhfuil buntáiste ann Gaeilge a bheith agat agus post á lorg. Cheap 39% de na freagróirí go bhfuil Gaeilge ina mbuntáiste agus post á lorg.

11.1. TORTHÁI AN tSUIRBHÉ



Figúir 11

11.2. TORTHÁI NA bhFÓCAS-GHRÚPAÍ

Fócasghrúpa ionadaíoch ó dheas

Moladh ba chóir na poist seo a leanas a bheith ar fáil as Gaeilge - poist san earnáil fáilteachais, altraí, dochtúirí agus múinteoirí. Dúradh go bhfuil gá go mbeidh téarmaíocht leighis ar fáil as Gaeilge. Luadh go mbeidh sé thar a bheith tairbheach go mbeidh teiripeoirí ann le Gaeilge do mhuintir na Gaeltachta dá sláinte intinne, go gcuirfidh sé iad ar a gcompord. Freisin moladh go mbeidh láithreoirí teilifíse ann le Gaeilge. Dúradh go mbeidh sé maith go mbeidh Gaeilge ag baincírí freisin.

Fócasghrúpa tuismitheoirí ó dheas

Luadh 'ba chóir go mbeadh aon saoránach in Éirinn in ann plé leis an rialtas áitiúil nó an rialtas náisiúnta trí Ghaeilge', ba chóir go mbeidh an bhéim ar an tseirbhís agus ní ar an bpost.

11. Irish as an advantage when looking for work

It is part of the Official Languages Bill 2019 that 20% of new workers in the public service be Irish speakers in the future, therefore the question was asked is it an advantage to have Irish when looking for work. 39% of the responders thought that Irish is an advantage when looking for work.

11.1. THE RESULTS OF THE SURVEY



Figure 11

11.2. THE RESULTS OF THE FOCUS GROUPS

Representative focus group in the south

It was recommended that the following jobs should be available in Irish - jobs in hospitality, nurses, doctors and teachers. It was said that medical terminology should be available in Irish. It was stated that it would be very beneficial to have therapists with Irish for the people of the Gaeltacht for their mental health, to put them at ease. It was also recommended that there be television presenters with Irish. It was also said that it would be good to have bankers with Irish.

Parents focus group in the south

It was said that 'any citizen in Ireland should be able to deal with the local government or with the national government through Irish', emphasis should be on the service and not on the job.

Fócasghrúpa Phobal na Gaeltachta

Dúradh nach bhfuil Gaeilge ag teastáil anois do phost ar bith. Níl go leor Gaeilge ag teastáil chun a bheith i do mhúinteoir. Dúradh freisin go mbeidh sé go deas go mbeidh Gaeilge i siopaí agus caiféanna. Moladh go bhfuil sé tábhachtach go bhfuil céatadán faoi leith ann do phoist nua le Gaeilge sa bhille teanga nua. Moladh na cúrsaí nua múinteoireachta i gColáiste Mhuire Marino agus Coláiste Mhuire gan Smál atá ag feidhmiú trí Ghaeilge agus go raibh súil ann go mbeidh toradh le baint as na cúrsaí sin.

11.3. MOLTAÍ

- Poist a ba chóir go mbeidh Gaeilge riachtanach – fáilteachas, banaltraí, dochtúirí, múinteoirí, teiripeoirí láithreoirí teilifíse agus baincírí
- Cúrsa nó modúil a chur ar fáil chun staidéar a dhéanamh ar théarmaíocht leighis trí Ghaeilge
- Go bhfuil gá le sheirbhísí meabhairshláinte trí Ghaeilge
- Polasaí earcaíochta ag an stát ag cinntiú go bhfuil a dhóthain poist trí Ghaeilge
- Tréimhse níos faide a bheith ann do na hábhair oidí sa Ghaeltacht
- Go mbeidh leibhéal B2 TEG sa Ghaeilge ag oibríthe atá earcáithe sa státseirbhís

Gaeltacht Community Focus Group

It was said that Irish is no longer needed for any job. Not enough Irish is needed to be a teacher. It was also said that it would be nice if there was Irish in shops and cafes. It was said that it be important that there is a certain percentage of new jobs in Irish in the new language bill. The new courses in Coláiste Mhuire Marino and the College of Mary Immaculate which operate in Irish were recognised and it will be seen that they would have beneficial effects.


11.3. RECOMMENDATIONS

- Jobs where Irish is necessary – hospitality, nurses, doctors, teachers, therapists, television presenters and bankers
- The provision of a course or modules to study medical terminology through Irish
- A need for mental health services through Irish
- A recruitment policy by the state making sure that there are plenty of jobs in Irish
- A longer period for student teachers in the Gaeltacht
- That workers recruited into the civil service have level B2 TEG in Irish

12. Fógraíocht an Stáit

Cuireadh ceist chun dearcadh an phobail a fháil ar fhógraíocht stáit trí Ghaeilge. Dúirt an líon is mó de fhreagróirí 41% go mbeidh siad ag iarraidh 20% de na fógraí as Gaeilge. Bhí 33% ag iarraidh go mbeidh 50% de na fógraí as Gaeilge, rud a chiallaíonn go bhfuil 74% ag iarraidh go mbeidh ar a laghad 20% don fhógraíocht ón stát as Gaeilge.

12.1. TORTHAÍ AN tSUIRBHÉ



Figiúr 12

12.2. TORTHAÍ NA bhFÓCAS-GHRÚPAÍ

Fócasghrúpa ionadaíoch ó dheas

Bhí moladh ann go mbeidh na fógraí teilifíse dátheangach, go mbeidh frásaí Gaeilge ina measc san fhógra. Dúradh freisin go bhfuil ról ag RTE fógraí as Gaeilge a chraoladh.

Fócasghrúpa tuismitheoirí ó dheas

Dúradh go raibh 'an Ghaeilge in áit na leathphingine' i rith na paindéime maidir le fógraí práinneacha. Dúirt an fócasghrúpa chomh maith nach mbíonn mórán fógraí trí Ghaeilge ag na húdarais áitiúla agus de bharr sin go bhfuil an teanga dofheicthe. Dúradh go n-aithníonn na páistí an easpa Gaeilge agus ní ceart go mbeidh ionadh ar pháistí Gaeilge a fheiceáil.

12. State Advertising

A question was asked to find out the public's opinion regarding state advertising in Irish. Most responders, 41% said that they wanted 20% of advertising in Irish. 33% wanted 50% of advertising in Irish, which means 74% want at least 20% of state advertising in Irish.

12.1. THE RESULTS OF THE SURVEY




Figure 12

12.2. THE RESULTS OF THE FOCUS GROUPS

Representative focus group in the south

There were recommendation that television advertisements be bilingual, that there be phrases in Irish in the advertisement. It was also said that RTE has a role in broadcasting Irish language advertisements.

Parents' focus group in the south

It was said that Irish was neglected during the pandemic as regards emergency advertisements. It was also said that local authorities do not have many advertisements in Irish and therefore the language is invisible. It was said that children recognise the lack of Irish and that it should not be a surprise for children to see Irish.

Fócasghrúpa Phobal na Gaeltachta

Dúradh go bhfuil imeallú á dhéanamh ar an teanga ag leibhéal an stát, nach bhfuil an stát go hiomlán dáiríre faoin nGaeilge. Dúradh freisin go bhfuil gá don stát ceannaireacht a thabhairt maidir leis an nGaeilge, ba chóir go mbeidh an Ghaeilge in áit lárnach an stáit. Luadh go bhfuil an-obair déanta ag na Breatnaigh chun a dteanga a chur chun cinn. Luadh chomh maith go bhfuil sé mar an gnáthnós anois ná go gcuirtear amach fógraí i mBéarla ar dtús agus cúpla seachtain ina ndiaidh sin cuirtear fógraí i nGaeilge amach.

12.3. MOLTAÍ

- Fógraí dátheangacha teilifíse ina mbeidh 75% den fhógra i mBéarla agus 25% i nGaeilge
- Fotheidil Gaeilge a chur ar fhógraí Béarla agus fotheidil Béarla a chur ar fhógraí Gaeilge
- Níos mó fógraí as Gaeilge a chraoladh
- Pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta a spreagadh chun níos mó fógraí as Gaeilge a éileamh
- Fógraí paindéime a bheith ar fáil as Gaeilge
- Fógraí ó na húdaráis áitiúla a bheith ar fáil as Gaeilge
- Fógraí Gaeilge (póstaeir) sa Gaeltacht
- Go mbeidh níos mó éileamh ó phobal na Gaeilge agus Gaeltachta ar sheirbhísí as Gaeilge chun níos mó fógraí Gaeilge a spreagadh

The Gaeltacht Community Focus Group

It was said that the language is being marginalised at state level and that the state is not completely serious about Irish. It was also said that the state should give leadership as regards Irish, Irish should have a central place in the state. It was stated that the Welsh have done great work in promoting their language. It was also stated that it is now normal practice that notices are placed first in English and a few weeks later Irish notices are sent out.

12.3. RECOMMENDATIONS

- Bilingual television advertisements where 75% of the advertisement is in English and 25% in Irish
- Irish subtitles on English advertisements and English subtitles on Irish advertisements
- Broadcasting more advertisements in Irish
- To inspire the Irish language and Gaeltacht community to demand more advertising in Irish
- Pandemic advertisements made available in Irish
- Advertisements from the local authorities made available in Irish
- Irish advertisements (posters) in the Gaeltacht
- That the Irish language community demand more services in Irish to encourage more advertising in Irish

13. Craoladh Gaeilge ar an Teilifís

I 2018 rinne an Coimisinéir Teanga imscrúdú ar Raidió Teilifís Éireann chun feiceáil an bhfuil siad ag comhlíonadh a dualgais faoin Acht Craolacháin i dtaobh craolachán Gaeilge. Fuarthas amach nach raibh RTÉ ag craoladh as Gaeilge ach 0.7% den am. Tar éis cruinníú idir an Coimisinéir Teanga agus RTÉ aontaíodh go mbeidh RTÉ ag craoladh 3% den am as Gaeilge chun an tAcht Craolacháin a chomhlíonadh. Beartaíodh ceist a chur ar an bpobal an gceapann siad go bhfuil a dhóthain cláir as Gaeilge á chraoladh as Gaeilge ar RTÉ 1 agus RTÉ 2.

14.1. TORTHAÍ AN tSUIRBHÉ



Figiúr 13

13.2. TORTHAÍ NA bhFÓCAS-GHRÚPAÍ

Fócasghrúpa ionadaíoch ó dheas

Luadh ba chóir go mbeidh níos mó frásaí as Gaeilge sna cláir Béarla. Dúradh nár chóir go mbeidh deighilt idir cláir Béarla agus cláir Gaeilge ionas go mbeidh sé níos fáilteach don phobal go ginearálta.

Fócasghrúpa tuismitheoirí ó dheas

Bhí an fócasghrúpa ag ceistiú polasaí eagarthóireacht RTÉ News i dtaobh agallamh Gaeilge de. Dúradh go bhfuil sé scannalach nach mbíonn mórán Gaeilge ar an Late Late Toy Show. Dúradh nach gcloistear Gaeilge ar stáisiún teilifís éagsúla ag an am céanna. Luadh go mbíonn na fotheidil Béarla dóite ar na gcláir de ghnáth, agus ba chóir go mbeidh rogha ann na fotheidil a bhaint nó/agus go mbeidh na fotheidil Gaeilge ar fáil freisin.

13. The Broadcasting of Irish on Television

In 2018 the Language Commissioner investigated RTE to see if RTE was fulfilling its duties under the Broadcasting Act regarding broadcasting in Irish. It was revealed that RTE was only broadcasting in Irish 0.7% of the time. After a meeting between the Language Commissioner and RTE it was agreed that RTE would broadcast 3% of the time in Irish to fulfil the Broadcasting Act. It was decided to ask the community if they think there are enough programmes in Irish being broadcast on RTÉ 1 and RTÉ 2.

14.1. THE RESULTS OF THE SURVEY




Figure 13

13.2. THE RESULTS OF THE FOCUS GROUPS

Representative focus group in the south

It was stated that there should be more phrases in Irish in English language programmes. It was said there should be no split between English language programmes and Irish language programmes to make it more welcoming to the public in general.

Parents' focus groups in the south

The focus group questioned the editing policy of RTE News regarding Irish language interviews. It was said that it is scandalous that there is very little Irish in the Late Late Toy Show. It was said that Irish is not heard on various television stations at the same times. It was stated that English subtitles are included in programmes generally, and there should be a choice to remove the subtitles or/and that Irish language subtitles be available also.

Fócasghrúpa Phobal na Gaeltachta

Dúradh go bhfuil TG4 ag déanamh jab iontach agus beidh sé deacair do RTÉ dul i gcomórtas leo ach gur b'fhiú dóibh níos mó Gaeilge a chraoladh. Luadh nach bhfuil a dhóthain maoiniú tugtha do TG4. Dúradh freisin go bhfuil scoth na Gaeilge ag cuid mhaith de láithreoirí RTÉ ach ní úsáideann siad é, mar shampla Maura agus Daithí agus go raibh sé aisteach nach mbeidh siad ag labhairt as Gaeilge, go bhfuil imeallú á dhéanamh ar an nGaeilge dá bharr.

13.3. MOLTAÍ

- Gaeilge á úsáid ar an Late Late Show
- Clár tráth na gceist dhátheangach a chraoladh ar RTÉ
- Frásaí Gaeilge ar Ireland's Fittest Family a úsáid
- Gearrthóga de cheachtanna Gaeilge a chur ar an RTÉ Player
- Iarraidh ar RTÉ samhail Spin FM a úsáid maidir leis an Ghaeilge a sníomh isteach i gclár
- Clanna Gaeltachta a chur ar chlár Gogglebox
- Go mbeidh Seó Bóthair as Gaeilge á n-eagrú ag RTÉ
- Rogha fotheideal a bheith ar fáil don lucht féachana, sé sin iad a bhaint nó a choinneáil agus rogha fotheideal Gaeilge a chur ar fáil chomh maith
- Níos mó daoine móra le rá ag labhairt as Gaeilge ar an teilifís chun daoine óga a spreagadh
- Níos mó fógraí á chraoladh as Gaeilge
- Níos mó cláir trí Ghaeilge do na daoine óga

The Gaeltacht Community Focus Group

It was said that TG4 is doing a great job and it will be hard to compete with them and that it would be worth it to broadcast more in Irish. It was stated that TG4 has not been given enough funding. It was also said that many of the RTÉ presenters have great Irish but they do not use it, for example Maura and Daithí and that it was strange that they do not speak much Irish, and that Irish is being marginalised because of it.

13.3. RECOMMENDATIONS

- Irish should be used on the Late Late Show
- A bilingual quiz programme broadcast on RTE
- Irish phrases used in Ireland's Fittest Family
- Excerpts of Irish language lessons to be put on RTÉ Player
- Ask RTÉ to use the model of Spin FM to weave Irish into their programmes
- Put Gaeltacht families on a Gogglebox programme
- An Irish language roadshow organised by RTE
- Choice of subtitles to be available for viewers, that is to remove them or keep them and also provide a choice of Irish language subtitles
- More famous people speaking Irish on television to encourage young people to speak Irish
- Broadcast more advertisements in Irish
- More programmes in Irish for young people

14. Reachtaíocht don Ghaeilge ó Thuaidh

Cuireadh ceist ar fhreagróirí ar chóir don Fheidhmeannas an reachtaíocht teanga Ghaeilge a chur i bhfeidhm chomh luath agus gur féidir. Dúirt 39% ba chóir é sin a dhéanamh. Dúirt 33% nár chóir sin a dhéanamh.

14.1. TORTHAÍ AN tSUIRBHÉ



Figiúr 14

14.2. TORTHAÍ NA bhFÓCAS-GHRÚPAÍ

Fócasghrúpa ionadaíoch ó thuaidh

Ní raibh fios ag cuid mhaith de na rannpháirtithe ar ábhar na reachtaíochta. Luadh ba chóir go mbeidh sé de cheart síntí fada a úsáid in ainmneacha. Níor thuigeadh conas nach bhféadfá Gaeilge a úsáid sna cúirteanna. Bhí an fócasghrúpa ag fiosrú conas go mbeidh cinnteacht ann go gcuirtear an reachtaíocht a chur i bhfeidhm.

Fócasghrúpa tuismitheoirí ó thuaidh

Bhí fios ag na rannpháirtithe ar an reachtaíocht. Bhí siad ag súil leis an reachtaíocht a achtú, ach ní raibh fios ag an bhfócasghrúpa an mbeidh sé á thabhairt isteach i gCnoc an Anfa nó i Westminster.

14. Legislation for Irish in the North

Responders were asked should the Executive implement as soon as possible the legislation for the Irish language. 39% said this should be done. 33% didn't agree with this.

14.1. THE RESULTS OF THE SURVEY



Figure 14

14.2. THE RESULTS OF THE FOCUS GROUPS

Representative focus group in the north

Many of the participants did not know the content of the legislation. It was stated that you should have the right to use accents in names. The participants did not understand how you could not use Irish in the courts. The focus group was inquisitive as to how there could be certainty that the legislation will be implemented.

Parents' focus group in the north

The participants knew of the legislation. They were hoping for the enactment of the legislation, but the focus group did not know if it would be brought in at Stormont or in Westminster.

14.3. MOLTAÍ

- Go mbeidh sé de cheart síntí fada a úsáid i d'ainm
- Scéim Líofa a fhorbairt agus go mbeidh scoláireachtaí Gaeltachta faoina chúram
- Comharthaí dátheangacha a bheith níos feiceálaí i bhfoirgnimh phoiblí agus ar sráideanna
- Cothrom na féinne a thabhairt do na Gaelscoileanna sa reachtaíocht teanga nua
- Cearta a bheith leagtha síos sa reachtaíocht teanga
- Níos mó Gaeilge a bheith ina úsáid ag na meáin chumarsáide

14.3. RECOMMENDATIONS

- That it will be a right to use accents in your name
- To develop the Líofa scheme and that Gaeltacht scholarships are under their responsibility
- Bilingual signage to be more visible in public buildings and on streets
- Equality for Irish medium schools in the new language legislation
- Rights set out in the language legislation
- More Irish to be used in the media

15. Acmhainní do Ghaelscoileanna

Aoibhinn beatha an scoláire a deirtear, ach an bhfuil beatha scoláire a fhreastalaíonn sa chóras Gaeloideachais chomh haoibhinn le scoláire a fhreastalaíonn ar scoileanna eile nuair nach mbíonn na hacmhainní céanna ag an scoláire a fhreastalaíonn ar Ghaeloideachas? Cuireadh ceist mar sin ar chóir go mbeidh scoláirí á chur faoi mhíbhuntáiste i dtaobh acmhainní nó a soláthair de bharr go bhfreastalaíonn siad ar Ghaelscoil. Dúirt 54% nár chóir go mbeidh scoláirí faoi mhíbhuntáiste. Ní raibh ach 13% a cheap ba chóir go mbeidh na daltaí sin faoi mhíbhuntáiste.

15.1. TORTHAÍ AN tSUIRBHÉ



Figiúr 15

15.2. TORTHAÍ NA bhFÓCAS-GHRÚPAÍ

Fócasghrúpa ionadaíoch ó thuaidh

Dúradh go raibh easpa acmhainní ar fáil as Gaeilge. Nuair a tharla an dianghlasáil ní raibh na hacmhainní ar líne ann as Gaeilge. Luadh go ndíoltar níos mó acmhainní trí Bhéarla ná Gaeilge agus mar sin ní bhíonn mórán éileamh ann d'acmhainní Gaeilge. Dúradh freisin go bhfuil aipeanna iontacha ann trí Bhéarla (Sumdog agus Mathletics) ach níl leagan Gaeilge ann dóibh. Tá ceist na canúna ann maidir le hacmhainní, mar shampla go bhfuil canúint na Mumhan á úsáid i scoileanna sa Tuaisceart. Rinneadh gearán nach raibh mórán Gaeilge ar BBC Bitesize. Luadh aip ar nós teanglann.ie agus an suíomh abair.ie a chuidíonn le foghlaim-eoirí Gaeilge a úsáid. Dúradh go mbíonn ar an bpobal na hacmhainní sin a chruthú seachas an stát.

15. Resources for Irish language schools

